

Uimhir chláráithe: 414351

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

LE hAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláráithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

FAISNÉIS FAOIN gCUIDEACHTA

Stiúrthóirí

John McCafferty (Cathaoirleach)
Robert Matthew Armstong
Ciara Breathnach
Lindsey Earner-Byrne
Liam Chambers
Marie Coleman
Sandra Collins (a d'éirigh as an 28 Feabhra 2022)
Peter Crooks
Elaine Farrell
Patrick Geoghegan
David William Hayton
Niamh Howlin
Thomas Alvin Jackson
Elva Johnston
Mary Ann Lyons
Kate Manning
Orlaith McBride
Hiram Morgan
Nicola Morris
Michael Willis (a d'éirigh as an 28 Feabhra 2022)

Rúnaí na cuideachta

Cathy Hayes

Uimhir chláráithe

414351

Oifig chláráithe

45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí neamhspleácha

Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláráithe
84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Rátháochta)

CLÁR

	Leathanach
Ráiteas an Chathaoirligh	1 - 3
Tuarascáil na Stiúrthóirí	4 - 14
Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha	15 - 17
Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais	18
Clár Comhardaithe	19
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	20
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	21 - 30
Ní cuid de na ráitis airgeadais reachtúla iad na leathanaigh seo a leanas:	
Ioncam agus Caiteachas mionsonraithe agus Achoimrí	31 - 34

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE hAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

LE hAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Cuireann an cathaoirleach a ráiteas i láthair le haghaidh na tréimhse.

Ba é Uachtarán na hArd-Chomhairle W. T. Cosgrave a bhunaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) i mí Dheireadh Fómhair 1928, agus rinneadh é a chorprú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.

Ó bunaíodh an Coimisiún, is é a phríomh-shainchúram ná scaipeadh, caomhnú agus cur chun cinn na bhfoinsí príomhúla — faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach — ar stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus a pobal.

Sa Phlean Forbartha Straitéisí atá ag an gCoimisiún, plean ina gcumhdaítear an tréimhse 2018-2022, rinne an Coimisiún athdhearbhú gur mian leis comhairle a chur ar fáil don Rialtas chun bonn eolais a chur faoi bheartais a bhaineann le cúram agus caomhnú ábhar na bhfoinsí príomhúla atá riachtanach chun tuiscint a fháil ar stair na hÉireann agus chun stair na hÉireann a scríobh.

An 21 Eanáir 2022 d'fhógair an rialtas plean céimnithe chun deireadh a chur leis na srianta sláinte poiblí a bhain le paidéim COVID-19. Ceann amháin den iliomad torthaí dearfacha a bhí ar na hathruithe a fógraíodh ná gur filladh ar imeachtaí ar an láthair a reáchtáil — idir chruinnithe de chuid an Choimisiúin, sheoltaí leabhar agus imeachtaí rannpháirtíochta pobail. Ba mhór an pléisiúr dom féin gur tionóladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid an Choimisiúin den chéad uair ó mhí an Mhárta 2019 i gCearnóg Mhuirfean Uimh. 45. Tionóladh an cruinniú i seomra boird ar an gcéad urláir de Chartlann Ailtireachta na hÉireann agus thug sé deis dom féin fáilte fhoirmeálta a chur roimh chomhaltaí CLÉ a ceapadh i mí Iúil 2021 ach nár fhreastail ar chruinniú fisiciúil de chuid an Choimisiúin ó ceapadh iad.

Nuair a bhí deireadh á chur leis na srianta sláinte phoiblí in 2022, cuireadh isteach ar roinnt mhaith próiseas riaracháin agus foilsitheoireachta de réir mar a rinne daoine agus eagraíochtaí iarracht filladh ar an acmhainneacht oibríochtúil a bhí ann roimh an bpaindéim. Dá bhrí sin, an-díol sásaimh ab ea an chéad fhoilsiú den bhliain i ndeireadh mhí Feabhra. Tionscadal neamhghnách ab ea é ar go leor bealaí, *Irish religious censuses of the 1760s* i bhformáid A4 agus priontáilte go lándaite. Le *Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland* arna chur in eagar ag Brian Gurrin, Kerby A. Miller agus Liam Kennedy, filladh ar an bhfoilsiú ar bhealach an-suntasach tar éis dhá bhliain de dhianghlásálacha eadrannacha a bhain leis an bpaindéim. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin méid sin agus faoi na foilseacháin eile a tháinig níos déanaí in 2022, féach 'Foilseacháin' sa roinn Gníomhaíochtaí thíos.

I mí Aibreáin 2022, bronnadh maoiniú ar an Ollamh Mary O'Dowd, iarchomhalta den Choimisiún a bhfuil meas mór uirthi, chun *Directory of sources for women's history* a nuashonrú (arna fhoilsiú ag CLÉ den chéad uair ar dhlúthdhiosca in 1999). An maoiniú a chuir clár Mná 100 ar fáil laistigh de Dheich mBliana na gCuimhneachán sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, rinneadh é a mheaitseáil le maoiniú a sholáthair an Coimisiún. Íocadh an maoiniú trí CLÉ agus rinneadh táirgí insoláthartha an tionscadail a chomhardú trí oifig CLÉ. An bunachar sonraí ar líne a thiocfaidh as sin, cuirfear ar fáil in 2023 trí shuíomh gréasáin CLÉ.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

I mí na Bealtaine 2022, tugadh an ceathrú Léacht Eoin Mhic Néill ar deireadh, i ndiaidh é a bheith curtha ar athló ó 2021 mar gheall ar líon na gcásanna COVID-19 a bheith ag méadú. Léacht dar teideal *'Intricate threads and bigger pictures: Lives in archives'* a bhí ann agus ba í a thug é an tOllamh Ludmilla Jordanova, Ollamh Emeritus le Stair agus le hAmharc-Chultúr, Durham University. Bhí lúcháir ar leith orm féin an léacht seo a chur i láthair mar go bhfuil léirithe ag an Ollamh Jordanova, trína cuid taighde, gur gá foinsí lámhscríbhinne a léamh i gcomhthéacs amharc-chultúir na dtréimhsí inar scríobhadh iad. Foilsíodh an léacht i bhfoirm paimfléad níos déanaí sa bhliain.

Le linn 2022 rinneadh forbairtí breise ar an tionscadal comhoibríoch tábhachtach leis an gCartlann Náisiúnta, Éire agus an tionscadal Beyond 2022, tionscadal chun iniúchadh a dhéanamh ar thaifid tarrthála nár osclaíodh ó scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (PROI). Agus ullmhúchán á dhéanamh le haghaidh seoladh an Státchiste um Thaifid Fhíorúla ag mórimeacht a tharlóidh i gcomhthráth le céad bliain ó cailleadh PROI, chuir CLÉ cistí ar fáil chun leanúint den obair chaomhnaithe ar rogha de na taifid tarrthála a liostaíodh in 2021. San obair chaomhantais díróidh ar dheich mír tharrthála lena n-áirítear an bunrolla bunaidh is luaithe ina bhfuil taifead ar phléadálacha coitianta (KB/1 — King's Bench Plea Roll, 6-7 Edward II (1312-4)) agus ar lámhscríbhinní tarrthála ón tréimhse mheánaoiseach go dtí an naoú haois déag freisin. Leanann an obair atá urraithe ag CLÉ ó Chéim I (measúnú caomhantais) agus ó Chéim II (liostáil chartlainne) den tionscadal suntasach seo ar cuireadh tús leis in 2017. Déantar cur síos breise ar na forbairtí maidir le tionscadal na dtaifead tarrthála 1922 agus Beyond 2022 faoi roinn na dTionscadal Comhoibríoch thíos.

Gach cúig bliana déantar próiseas athbhreithnithe straitéiseach ar CLÉ chun plean forbartha a chur i dtoll a chéile do na cúig bliana ina dhiaidh sin. Tugann gach plean bonn eolais do sceideal foilsitheoireachta CLÉ agus dá shaothar comhoibríoch ar feadh a ré. Cuirtear san áireamh ann freisin aiseolas ó ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara amhail staraithe acadúla, ginealeolaithe, leabharlannaithe agus cartlannaithe chomh maith le daoine eile a fhreagraíonn don chuireadh chun aiseolas a thabhairt maidir le misean CLÉ. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun plean forbartha straitéisí a chur i dtoll a chéile don tréimhse ó 2023 go 2027 i mí Mheán Fómhair faoi chathaoirleacht neamhspleách Ms Aileen Ireland, a bhíodh leis an gCartlann Náisiúnta, Éire. Táim fíorbhuíoch di as an maoirseacht chúramach a rinne sí ar an bpróiseas sin a tugadh chun críche ag tús 2023. Is fiú a thabhairt faoi deara go n-áireofar sa phlean straitéiseach seo a leanas ócáid chinniúnach chomórath céad bliain ó bunaíodh an Coimisiún.

I nDeireadh Fómhair 2022 ghlac CLÉ páirt den tríú huair i bhFéile na Staire Bhaile Átha Cliath a reáchtálann Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath ag reáchtáil imeacht ar an láthair den chéad uair ó chéadghlac sé páirt san Féile. Ceardlann a bhí san imeacht chun cuardach a léiriú laistigh de na lámhscríbhinní digitithe de na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte, ceann de thrí phríomhfhoinsé príomhúla sa seachtú haois déag laistigh de Shíog Óir Shuirbhéireacht Chromail sonraí sa chartlann dhigiteach a seoladh le déanaí, Státchiste um Thaifid Fhíorúla (VRTI). Na sonraí digitithe agus tras-scríofa atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainn san VRTI bunaithe ar an aschur ó thionscadal taighde lonnaithe i gColáiste na Tríonóide idir 2016-8 agus arbh é CLÉ a mhaoinigh. Tá imeachtaí rannpháirtíochta poiblí mar seo ina gcuid thábhachtach de shainchúram CLÉ maidir le feasacht agus inrochtaineacht ar fhoinsí príomhúla na staire agus táim buíoch dóibh siúd go léir a d'ullmhaigh, a d'eagraigh agus a ghlac páirt san fhiontar seo: An Dr Peter Crooks, an Dr Elaine Farrell, an Dr Cathy Hayes, an tOllamh Marian Lyons, Nicola Morris, an tUasal Sarah Storey agus an Dr Ciaran Wallace. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin gceardlann i 'Féile na Staire Bhaile Átha Cliath 2022' sa rannóg na Rannpháirtíochta Poiblí thíos.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Chríochnaigh an bhliain ar nóta dóchasach leis an gcéad seoladh leabhar ó mhí na Samhna 2019. Foilseachán a rabhtas ag súil leis le fada, ceann den líon beag foinsí ar thrádáil cheannaíochta sa seachtú haois déag — *Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683-1687* — rinneadh é a cheiliúradh ag tús mhí na Nollag i gCorcaigh, cathair dúchais an eagarthóra, James O'Shea. Is féidir léamh faoin imeacht seo faoi 'seoltaí' sa roinn Gníomhaíochtaí thíos. Táim ag tnúth le go leor seoltaí eile in 2023.

Tá ionadaíocht fós ag CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (IAR — www.iar.ie), seirbhís ar líne saor in aisce a chuireann ar a gcumas do chartlanna ar fud na hÉireann, a gcuid tuairiscí bailiúcháin a uaslódáil chuig tairseach ghréasáin agus iad comhlíontach le ISAD(G). Is féidir le húsáideoirí thairseach IAR cuardach a dhéanamh ar bhailiúcháin chartlainne Éireannacha thar go leor taisclann éagsúil thuaidh agus theas, go leor taisclann bheag san áireamh. Tá tionchar IAR ag fás i gcónaí trína sheirbhís gréasáin agus a chainéil meán sóisialta, agus chomh maith leis sin trína phacáistí acmhainní oideachais (*The present duty of Irish women* agus *Pledge ourselves and our people*) atá bunaithe ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostaithe ina thairseach ghréasáin ar fad. Seoladh suíomh gréasáin nua in 2022.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ, is é sin riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes, agus mar gheall ar a cuid oibre agus a tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe in 2022, is mian liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl.

Mar fhocal scoir, ní mór dom an méid atá scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo a rá an athuir: ní fhaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as an rannchuidiú fíor-riachtanach a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún a shainchúram a chomhlíonadh. Is traidisiún seirbhíse atá don scoláireacht agus don stát araon atá ann agus tá sé á choinneáil ar bun ó bunaíodh an Coimisiúin in 1928.

Ainm John McCafferty

Cathaoirleach

Dáta 3 March 2023

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Tíolacann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022.

Ráiteas freagrachtaí na stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Éilíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, bheartaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear Carthanais SORP (FRS 102)).

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú ach amháin má tá siad sásta gur ráitis iad ina dtugtar léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta i leith an bharrachais nó an easnaimh le haghaidh na bliana airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad ar shlí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na Cuideachta agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as an méid seo a leanas: a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta ar bhealach leordhóthanach taifid cuntasaíochta ina mínítear agus ina bhfuil taifead ar idirbhearta na Cuideachta, nó go bhféachann sí chuige go gcoimeádtar iad; a chumasú gur féidir tráth ar bith sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a chinneadh ar bhealach atá réasúnta cruinn; a chumasú gur féidir a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chumasú gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Príomhghníomhaíocht

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) foinsí príomhúla lámhscríbhinní stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile toisc nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh na tráchtála de faoi aon sainmhíniú eile.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Feidhmíonn CLÉ mar chomhlacht poiblí freisin mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, maidir le hábhair a bhaineann le foinsí príomhúla i gcoitinne agus cuireann sé feasacht phoiblí agus institiúideach araon chun cinn maidir le tábhacht na bhfoinsí príomhúla.

Athbhreithniú Gnó

I gcomhréir leis an bplean forbartha straitéisí is déanaí, lean CLÉ ar aghaidh ag obair i dtreo a phríomhaidhme maidir le foinsí príomhúla a fhoilsiú agus feasacht agus rochtain ar ábhair foinsí príomhúla a chur chun cinn le haghaidh stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann agus a pobail. Le linn 2022, mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochtaí chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibríoch, mar shainchomhairleoir, mar thionscnóir feasachta ar an ngá atá le foinsí príomhúla a chaomhnú agus mar chleachtóir de chuid an digithe agus mar aighne ar a shon. Is mar chroí-chomhpháirtí de thionscadal Beyond 2022 a rinne sé é seo, lean sé den teagmháil leis an Suirbhé ar Thaifid Ghnó sa Chartlann Náisiúnta, Éire agus leis an obair leanúnach i dtreo ballraíochta i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI).

Forbairt sa Todhchaí

Leanfaidh CLÉ dá acmhainní a chur ar fáil chun foinsí príomhúla lámhscríbhinne a fhoilsiú. Leanfaidh sé freisin d'fhoinsí príomhúla a chaomhnú ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe — tríd an obair a dhéanann a Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (PAAC) — chun feasacht an phobail a ardú maidir leis an ngá atá le páipéir chomhaimseartha agus comhfhreagrás a chaomhnú; beidh na taifid seo ina bhfoinsí príomhúla do staraithe atá ag obair ar an aonú haois is fiche.

I gcomhréir lena shainchúram seirbhíse poiblí, úsáidfidh CLÉ teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá liosta de na saothair atá fós i gcló a chur chun cinn agus a chur ar fáil, trína shuíomh gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha oiriúnacha. Foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh, cuirfear iad ar fáil ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, saor in aisce trína suíomh gréasáin féin ach freisin trí thaisclanna oiriúnacha eile amhail DRI agus taisclann Beyond 2022, Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, a seoladh an 30 Meitheamh 2022.

Leis an bplean forbartha straitéisí cúig bliana, cruthaítear creat soiléir do CLÉ chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus a sheirbhísí a chur ar fáil i gcomhréir le príomhchuspóir a Bhunreacht agus aird chuí á tabhairt ar ardchaighdeán rialachais agus cuntasachta do pháirtithe leasmhara uile CLÉ.

Príomhríoscaí agus éiginnteachtaí

Is iad na príomhríoscaí agus na neamhchinnteachtaí a bhaineann le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná maoiniú leanúnach ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. In 2022 rinneadh buiséad bliantúil CLÉ a thabhairt ar ais go dtí leibhéal 2011 agus cé go bhfuil coinne go gcoinneofar é sin ar bun amach anseo, is meabhrúchán atá sna deich mbliana de dheontais a tugadh go dtí seo go bhfuil maoiniú leordhóthanach i mbaol i gcónaí ó thaobh seirbhísí a choinneáil ar bun agus a chinntiú nach dtitfidh an maoiniú chun deiridh ar chostais iarbhír.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Gníomhaíochtaí

Foilseacháin

In 2022, d'fhoilsigh CLÉ dhá eagrán, athchló amháin, eagrán dá shraithfhoilseachán agus paimfléad den cheathrú Léacht Eoin Mhic Néill.

Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland

Foilseachán formáide A4 ab ea é seo, arna chur in eagar ag Brian Gurrin, Kerby A. Miller agus Liam Kennedy, agus foilsíodh é i ndeireadh mhí Feabhra 2022.

Cuireann sé i láthair tuairisceáin ar leibhéal an pharóiste ó dhá shuirbhé reiligiúnacha náisiúnta in Éirinn le linn na 1760idí — arb iad bailitheoirí airgid teallach (1764–5) agus airí paróiste na hEaglaise Bunaithe (1766) a rinne. Cuimsíonn sé sonraí do níos mó ná 1400 paróiste, agus faisnéis faoi theaghligh i gcuid díobh. Eagraíodh iad de réir rannáin riaracháin, tá léarscáileanna dáileacháin dathanna ann do gach contae a bhfuil sonraí ina leith, agus tá saibhreas faisnéise déimeagrafaí agus sóisialta ar fáil ann d'Éirinn i ndeireadh an ochtú haois déag. Tá na foinsí ar a bhfuil na sonraí sin bunaithe scaipthe i dtaisclanna beaga agus móra ar fud na hÉireann agus is é seo an chéad uair a tugadh le chéile iad in aon imleabhar amháin. Soláthraíonn na meastacháin reiligiúnacha le haghaidh na tréimhse sin nasc idir na sonraí daonáirimh a soláthraíodh i suirbhé cánach vótaíochta 1660 agus i sonraí thuarascáil 1831–4 ar fhigiúirí reiligiúnacha agus ar chleachtadh reiligiúnach. Is píosa compánach é an t-eagrán seo a ghabhann le teidil CLÉ eile a bhaineann le sonraí daonáirimh agus seach-daonáirimh.

Campaign journals of the Elizabethan Irish wars

Is i dtreo dheireadh 2021 a foilsíodh eagrán clúdaigh bhoig 2014 David Edwards den chéad uair, agus tá oiread tóra air sin agus a bhí ar an gclúdach cruá, agus rinneadh é a athchló i mí an Mheithimh.

Déantar naoi n-iris déag ó fheachtais mhíleata in Éirinn le linn réimeas Elizabeth I a atáirgeadh go hiomlán ann, agus déantar taifead san eagrán ar oibríochtaí míleata fhórsaí na corónach i ngach ceann de na ceithre chúige, ar muir agus ar tír. Sna hirísí clúdaítear gach gné den chomhrac, ón ullmhúchán go dtí na hiarmhairtí ar mhínic iad fulteach, agus bíonn léargas le fáil iontu ar choncas Túdarach na hÉireann agus ar thairbhí na ndaoine a ghlac páirt ann.

Analecta Hibernica No. 52

Foilsíodh é i mí na Samhna, agus is é an caoga dóú eagrán é de shraithfhoilseachán CLÉ le haghaidh foinsí príomhúla níos giorra agus arb í an Dr Elva Johnston a chuir in eagar.

Móreagrán is ea é a bhfuil 400 leathanach ar fad, agus tá tuairisc ann chuig an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le haghaidh na bliana 2020 chomh maith leis na cáipéisí seo a leanas: ‘*I am in most points an ultra-ministerialist*’: *The letters of Henry Alexander to Thomas Pelham, June 1798–September 1801*’ arna chur in eagar ag Thomas Bartlett; ‘*The letters of Lord Frederick Campbell, chief secretary, to Lord Townshend, lord lieutenant of Ireland, February 1768–March 1769*’ arna chur in eagar ag Thomas Bartlett; ‘*The baron of Delvin’s plot for the reformation of Ireland, March 1584*’ arna chur in eagar ag Ruth Canning; ‘*The Goreybridge censuses, 1862–7*’ arna chur in eagar ag Rachel A. Murphy; ‘*Notes made by Éamon de Valera for an autobiography*’ arna chur in eagar ag Patrick Murray; ‘*A calendar of saints from the Crosier Priory of Rindown in County Roscommon*’ arna chur in eagar ag Pádraig Ó Riain.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683–1687

Foilsíodh eagrán James O'Shea freisin i mí na Samhna de leabhar litreach William Hovell, ceannaí Chorcaí le haghaidh na tréimhse 1683–1687.

Tréimhse an-suntasach a bhí sa seachtú haois déag i bhforbairt Chorcaí mar chalafort agus mar chathair, de réir mar a d'fhás an trádáil agus a leathnaigh an chathair. Bhí ceannaithe mar William Hovell ann, údar na litreacha seo, agus bhí a gcuid gníomhaíochtaí lárnach d'fhás na cathrach. Tá dhá ghné leis an tsuim a chuirtear sa chomhfhreagras a chóipeáiltear i leabhair litreacha na gceannaithe. Is foinse thábhachtach iad na litreacha ar an stair shocheacnamaíoch agus ar stair an riaracháin gnó freisin. Tá léiriú iontu ar an teagmháil a bhí ag Hovell le ceannaithe i mBaile Átha Cliath, i Londain agus i gcúigí Shasana agus an pháirt a ghlac sé féin in easpórtáil táirgí ó fheirmeacha agus ó iascaigh na Mumhan go háiteanna chomh cianda leis an Meánmhuir agus taobh thall den Atlantach. Ceann den líon beag lámhscríbhinní ón tréimhse sin atá ann, ach is i mbailiúchán príobháideach atá sé freisin. Lena chur i gcló sin, tá deis ar fáil an fhaisnéis atá ann a scaipeadh ar an bpobal is leithne is féidir, daoine a bhfuil spéis acu i stair na trádála muirí agus i bhforbairt Chorcaí sa tréimhse seo.

Léacht Eoin Mhic Néill

Foilsíodh an paimfléad seo go luath i mí na Nollag agus tá an léacht a thug an tOllamh Ludmilla Jordanova an 26 Bealtaine 2022 ann. Is é an teideal a bhí air 'Intricate threads and bigger pictures: lives in archives', agus ba é seo an ceathrú léacht sa tsraith Léacht Eoin Mhic Néill.

Sa léacht, bhreathnaigh an tOllamh Jordanova ar chás speisialta na leabhar sárléirithe mar fhoinsí cartlainne agus ar an gcaoi a n-ardaíonn na déantáin ilchasta seo ceisteanna faoi na gnéithe mothúchána agus céadfacha a bhaineann le bailiú. Mheas sí ról na bpriontaí (go háirithe portráidí) ina n-idirghníomhú dinimiciúil le téacs, an tuiscint ar an am atá caite a léiríonn tiomsaitheoirí leabhar sár-léirithe, agus na bealaí a spreagann institiúidí ceangaltán agus deabhóid óna gcomhaltaí, agus ar deireadh na bríonna a ghineann na hacmhainní a úsáidtear agus leabhair sárléirithe a dhéanamh, eadhon am, airgead agus scileanna.

Áitíonn an tOllamh Jordanova go dtugann na naisc chasta seo snáitheanna do staraithe le leanúint agus d'fhéadfadh cás-staidéir den sórt sin léargas a thabhairt ar shaincheisteanna níos leithne, ar nós féiniúlachtaí gairmiúla agus an cumas idirghabhála a bhíonn le portráidí, rud a chuireann ar chumas daoine a ngaol le saol daoine a bhí ann roimhe seo a fhiosrú agus a chur in iúl.

Seoltaí in 2022

Tionóladh dhá sheoladh leabhar in 2022. Ní mar dheis ceiliúradh a dhéanamh ar fhoilsiú eagrán amháin a mheasann CLÉ seoltaí leabhar agus buíochas a ghabháil le heagarthóirí as a gcuid oibre, ach mar dheis freisin feacht níos leithne a chur chun cinn faoin ngá atá le foinsí príomhúla lámhscríbhinní a chur ar fáil ar foinsí iad a bhféadfadh sé gur dheacair teacht orthu murach sin.

Ócáid cheiliúrtha CLÉ

Ar an Máirt, an 22 Márta, réachtáil CLÉ a chéad imeacht ar an láthair ó mhí na Samhna 2019. Rinne an ócáid seo ceiliúradh ar fhoilsiú eagrán CLÉ ó 2020 go dtí mí an Mhárta 2022 chomh maith le hobair eagarthóirí, comhoibrítheoirí agus lucht tacaíochta CLÉ. B'iontach an rud a bheith ag bailiú arís le cairde agus le baill den 'teaghlach' CLÉ chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhoilsiú na nithe seo a leanas: *The Act Book of the diocese of Armagh, 1518–1522* arna chur in eagar ag John McCafferty; *Analecta Hibernica No. 51* arna chur in eagar ag James Kelly; *1641 Depositions, Volume VI, Laois & Offaly*, príomheagarthóir Aidan Clarke; *The Eoin MacNeill Lecture 2019 'Sustaining identity and peace-building through community archives'* arna thabhairt ag Anne Gilliland i mí na Bealtaine 2019; agus *Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland* arna chur in eagar ag Brian Gurrin, Kerby A. Miller agus Liam Kennedy.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683–1687

Seoladh an t-eagrán seo i Halla na Cathrach, Corcaigh, Dé Luain an 5 Nollaig. Chuir Ard-Mhéara Chorcaí, an Comhairleoir Deirdre Forde, fáilte roimh aionna chuig Seomraí áille na Comhairle agus chuir sí in iúl an meas a bhí aici ar eagrán Hovell a chuir leis an bhfaisnéis faoi Chorcaigh ag pointe rithábhachtach i bhforbairt na cathrach agus an chalafoirt. Luaigh sí faoi ghníomhaíochtaí an phobail gnó ar bhall de William Hovell go raibh siad lárnach don fhorbairt sin. Roinn sí leis an lucht féachana go raibh an-áthas uirthi a fháil amach go raibh Hovell féin ina Mhéara ar Chorcaigh sa bhliain 1693. Agus an leabhar á sheoladh aige, tharraing an tOllamh David Hayton (Comhalta QUB agus CLÉ) aird ar uathúlacht leabhar litreach Hovell sa mhéid gur mhair sé go dtí seo agus sa mhéid go bhfuil taifead dlúth ann ar shaol agus ar ghníomhaíochtaí gnó ceannaí ón seachtú haois déag i gcathair Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ar leabhar litreacha dea-dhoiciméadaithe a bhí ann. Mar gheall ar obair chúramach James O'Shea, san eagrán déantar daoine ar beag aithne orthu a shainaithe agus tugtar míniúcháin ar na téarmaí teicniúla faoin trádáil agus faoi na toisí sa tréimhse sin. Léiríodh ann fairsinge leasanna trádála agus teagmhálaithe Hovell chomh maith lena dhearcadh ar an staid pholaitiúil in Éirinn a bhí faoi athrú. Mhol sé an t-eagarthóir as an gcúram deacair tras-scríofa a dhéanamh ach thug sé faoi deara go raibh ábhar an leabhair litreach ar fáil go héasca anois le haghaidh staidéir ag lucht féachana i bhfad níos leithne.

Seirbhísí agus fógraíocht

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, faigheann oifig CLÉ glaonna gutháin agus fiosrúcháin ríomhphoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad seo a bhainistiú faoi théarmaí ár gCairte Custaiméirí. Cuireann suíomh gréasáin CLÉ roinnt seirbhísí ar fáil d'úsáideoirí: foilseacháin CLÉ a dhíol ar líne; PDFanna d'eagrán CLÉ digitithe atá as cló ar féidir iad a íoslódáil; nuashonruithe nuachta ar na foilseacháin is déanaí agus ar imeachtaí eile; moltaí ar fhoilseacháin a thíolacadh ar líne; cóip in-uaslódáilte de chatalóg na bhfoilseachán CLÉ is déanaí; agus tuarascálacha de chineálacha éagsúla lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais.

Le linn 2022 mhéadaigh CLÉ a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta lean a lucht leanúna ar Twitter (3225 lucht leanúna) agus ar YouTube (1787 amharc agus 48 síntiúsóir) den fhás. Tá coinne go leanfaidh CLÉ de naisc a thógáil le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus d'fhreagairt don éileamh ar bhealaí nua chun feasacht a chur chun cinn ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair níos leithne an Choimisiúin maidir le taifid a chaomhnú.

Rinne CLÉ fógraíocht i réimse leathan foilseachán clóite le linn 2022. Leanadh leis an bhfógraíocht ar na heagrán is déanaí d'*Analecta Hibernica* agus de sheirbhísí gréasáin CLÉ i ngach eagrán den iris staire móréilimh *History Ireland*, chomh maith le fógraíocht a dhéanamh ar acmhainní staire teaghlaigh in Eolaire Teaghlaigh bliantúil Fhondúireacht Staire Uladh (UHF). Cuireadh fógraí spriocdhírthe freisin in eagrán den *Times Literary Supplement* (eagrán inar pléadh le taifid daonáirimh), *Irish Arts Review* (trádáil mhuirí Chorcaí) agus an *Senior Times* (acmhainní staire teaghlaigh agus na teidil is déanaí). Tá na meáin seo an-lárnach maidir le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn do phobail staraithe gairmiúla agus amaitéarach, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh. Is gné thábhachtach í an fhógraíocht chlóite, chomh maith le gníomhaíocht sna meáin shóisialta, chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc lucht féachana seanbhunaithe agus lucht féachana nua in Éirinn agus thar lear.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Acmhainní Digiteacha CLÉ

Cuireann CLÉ réimse acmhainní digiteacha ar fáil trína shuíomh gréasáin, idir eagrán CLÉ atá asphriontáilte agus bhunachair shonraí inchoardaithe.

Go dtí seo, tá 57 eagrán asphriontáilte d'fhoinsí príomhúla (lena n-áirítear sraitheanna amhail *The Civil Survey*, *The Correspondence of Daniel O'Connell* agus *Calendar of Ormond Deeds*) ar fáil ar líne trí sheirbhís Eagrán Dhigiteacha CLÉ. Tá siad ar fáil mar PDFanna in-íoslódáilte do dhaoine le stóráil go háitiúil agus le húsáid as líne. Cuirfear tuilleadh eagrán leis an acmhainn seo gach bliain.

I measc na n-acmhainní digiteacha eile tá bunachar sonraí inchoardaithe de 40,000 iontráil bunaithe ar eagrán 2012 de *The account books of the Franciscan House, Broad Lane in Cork, 1764-1921, 1764-1921* arna chur in eagar ag Clare Murphy agus Liam Kennedy. Idir choinnle, bhileoga ceoil, ghallúnach agus shiamsaíocht dá mbailitheoirí sráide, tá go leor sonraí socheacnamaíocha le baint as na taifid atá ar fáil san acmhainn dhigiteach seo. Tá pleananna ar siúl chun bunachair sonraí inchoardaithe bhreise a chur le roinn na nAcmhainní Digiteacha ar shuíomh gréasáin CLÉ, lena n-áirítear: leagan athbhreithnithe de bhunachar sonraí *Women's History Project* d'fhoinsí le haghaidh stair na mban (c. 20,000 iontráil); bunachar sonraí de shleachta as nuachtáin ina bhfuil léiriú ar chomhpháirtíochtaí gnó in Éirinn san ochtú agus sa naoú haois déag (c. 6,000 iontráil); agus bunachar sonraí de chomhfhreagras Iodálach an Chairdinéil Paul Cullen (c. 1000 litir).

Is é cartlann na bhfoinsí príomhúla níos giorra a foilsíodh i sraithfhoilseachán CLÉ *Analecta Hibernica* an ceann atá tábhachtach. I rannóg Acmhainní Digiteacha ar shuíomh gréasáin CLÉ tá bunachar sonraí inar féidir cuardach simplí a dhéanamh de réir theideal an doiciméid, an eagarthóra nó uimhir an irisleabhair le haghaidh eagrán 1 go 52. Tá páipéir aonair ar fáil le ceannach trí bhailiúchán na hÉireann ar JSTOR agus tá cuid díobh ar fáil saor in aisce anois trí Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann.

Digitíú a dhéanamh ar liosta na saothar atá fós i gcló, féachann CLÉ air sin mar chuid thábhachtach dá shainchúram seirbhíse poiblí feabhas a chur ar rochtain agus feacht ar na foinsí príomhúla lámhscríbhinne atá caomhnaithe aige i gcló. Laistigh de na modhanna agus na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht teacht ar úinéirí ceart na n-ábhar ar fad a úsáidtear ar rannóg na hEagrán Dhigiteacha dá láithreán gréasáin agus creidmheas a thabhairt dóibh. Úinéirí ceart a chreideann nár aithníodh iad i gceart ar shuíomh gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár urramaíodh a gcóipcheart go hiomlán, iarrtar orthu teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar an nguthán ag + 353 16761610.

Tionscadail chomhoibritheacha

Na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte

Taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a rinne obair ar thionscadal straitéiseach seo CLÉ faoi stiúir an Ollaimh Micheál Ó Siochrú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2015 agus críochnaíodh an obair i mí an Mhárta 2018. Íomhánna digiteacha de lámhscríbhinní de na Leabhair Suirbhéireachta agus Dháilte (BSD) atá á gcoinneáil ag an gCartlann Náisiúnta, Éire, mar aon le téacs inchoardaithe na n-imleabhar BSD, rinneadh iad a chur ar fáil trí Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann i gcomhar leis an tionscadal Beyond 2022 an 30 Meitheamh 2022. Tá an t-ábhar digitithe BSD mar chuid de Shuirbhéireacht Chromail — 'séam óir' saibhrithe de shonraí laistigh den taisclann — agus tá sé inrochtana anois do dhuine ar bith, áit ar bith ar domhan agus is féidir é a fheiceáil agus a chuardach saor in aisce. Tá pleananna breise ann faisnéis faoi dhaoine agus faoi áiteanna a aistriú ón BSD chuig sonraí oscailte nasctha ina mbeidh fáil ar an teicneolaíocht is déanaí maidir le comhtháthú sonraí agus

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

lenar féidir le caidreamh nua idir na sonraí atá ann cheana teacht chun cinn.

Agus na BSD á bhfoilsíú i Moinchiste Annála Samhalta na hÉireann, an fhoinse lámhscríbhinne luachmhar sin ón seachtú haois déag á chur ar fáil lena léamh agus lena cuardach ar líne, tá sprioc fhadtéarmach de chuid an Choimisiúin á baint amach. I gcomhréir lena shainchúram maidir le foinsí clóite a chaomhnú, foilseoidh CLÉ eagrán clóite cúig imleabhar de théacs tras-scríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne.

1922 ábhair tharrthála

Ba é Céim I den tionscadal seo measúnú caomhantais a dhéanamh ar 378 beartán ábhair a aisghabhadh ó scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí in 1922 ach ar beartáin iad nár osclaíodh riamh, agus rinneadh é sin in 2017 agus 2018. Mhainigh CLÉ beirt choimeádaithe chun measúnú caomhantais tosaigh a dhéanamh ar na 378 beartán tarrthála. I mí Aibreáin 2020, síníodh Meabhrán Tuisceana foirmiúil (MT) idir CLÉ, NAI agus tionscadal Beyond 2022 chun ceanglais Chéim II den tionscadal seo a léiriú — liostú foirmiúil cartlainne na n-ábhar tarrthála a measúnaíodh le linn Chéim I. Chuir CLÉ cistí breise isteach chun tacú le post mar chartlannaí liostála a fógraíodh ag deireadh 2020. I mí Eanáir 2021 ceapadh Ciara Fahy chun liostáil chaomhantais a dhéanamh ar na hábhair tharrthála ar chonradh ar théarma seasta arna bhainistiú ag ár gcomhpháirtithe ag NAI agus tionscadal Beyond 2022 faoi théarmaí an mheabhráin tuisceana thrípháirtigh. Faoi dheireadh chonradh Fahy i mí na Samhna 2021, bhí réamhliostáil faighte ag 275 de na 378 beartán chomh fada le leibhéal an chnuasaigh, agus dáta, réimse agus cur síos ar an ábhar ann agus cuireadh tuairisc mhionsonraithe ar an obair sin san áireamh i dtuarascáil bhliantúil 2021. In 2022, nuair a bhíodas ag ullmhú do Mhoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, chuir CLÉ cistí ar fáil chun obair chaomhantais ar rogha de na taifid tharrthála a liostaítear in 2021 a chumasú. Nuair a bheidh sé sin i gcrích, le caomhnú agus le liostáil na n-ábhar seo, beidh ábhair is cobhsaí gráid ar fáil do staraithe lena dtaighde agus lena bhfiosrú. Tá pleananna ann catalóg a dhéanamh de na bearta ábhar tarrthála a bhí gan oscailt roimhe seo, i gcomhthéacs na n-ábhar go léir a tarrtháladh i 1922, catalóg lena foilsíú ag CLÉ d'fhonn feasacht ar an ábhar seo a mhéadú. Beidh an chatalóg mar chuid de *Analecta Hibernica* No. 53, eagrán speisialta den iris atá tiomnaithe d'ábhair tharrthála 1922, agus cuirfear ar fáil ar líne í freisin.

Ba imeacht cinniúnach i stair na hÉireann é scriosadh an PRO in 1922. Ba é scriosadh PROI sa bhliain 1922 ba chúis le cuid shuntasach de thaifid na hÉireann agus bhí tionchar tubaisteach aige ar scríobh stair na hÉireann. Mar sin, tá sé tráthúil ar bhealach go bhfuil CLÉ anois rannpháirteach sa tionscadal seo, mar gurbh é eachtra tubaisteach sin an dochair mhóir a spreag bunú Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann in 1928.

Beyond 2022

Is croí-chomhpháirtí sa tionscadal Beyond 2022 é CLÉ, agus go dtí seo chuir sé ar fáil c. 30 eagrán digiteach agus clóite agus 65 alt ó *Analecta Hibernica*, rud a bheidh mar chuid de na 'bailiúcháin athsholáthair' inchuardaithe nó a chuirfidh leis an mbonn eolais níos leithne sa chartlann fhíorúil.

In 2022, chuir foireann tionscadail Beyond 2022, go háirithe an Dr Peter Crooks agus an Dr Ciaran Wallace, tacaíocht luachmhar ar fáil do chomhaltaí CLÉ a bhí ag ullmhú don chéad imeacht Féile na Staire ar an láthair bunaithe ar thaispeántas faoi chuardach a dhéanamh ar BSD laistigh de Mhoinchiste Annála Samhalta na hÉireann.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Rannpháirtíocht an phobail:

Féile na Staire Bhaile Átha Cliath 2022

Tar éis do CLÉ páirt a ghlacadh i bhFéile na Staire Bhaile Átha Cliath in 2020 agus 2021, reáchtáladh an chéad imeacht Féile na Staire ar an láthair de chuid CLÉ Dé Sathairn, an 8 Deireadh Fómhair 2022. Bhí ceardlann dar teideal ‘Gold seam - the CLÉ treasure in the Beyond 2022 Virtual Record Treasury’ inar léiríodh cineálacha cur chuige chun na Leabhair Suirbhéireachta agus Dháilte a chuardach, ceann de na doiciméid lámhscríbhinne is tábhachtaí maidir le húinéireacht talún agus aistrithe in Éirinn le linn an seachtú haois déag.

Thug an tOllamh Marian Lyons comhthéacs na Leabhar Suirbhéireachta agus Dáilte agus na bhfoinsí eile i Síog Óir Shuirbhéireacht Chromail. Trí úsáid a bhaint as ceithre shampla oibrithe, léirigh Nicola Morris gur féidir na torthaí is fearr a bhaint as meascán de chur chuige. Rinne Ms Morris agus an Dr Elaine Farrell bileog le haghaidh na rannpháirtithe agus bhí siad ábalta iad sin a thabhairt leo.

Tá cuid den mhéid a chuir eagarthóirí (2020) agus comhaltáí (2021) CLÉ le Féile na Staire Bhaile Átha Cliath (2020) le fáil ar chainéal YouTube an Choimisiúin.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Cuireann Judith O’Brien agus Sarah Storey cúnaimh riaracháin ar fáil ar bhonn conartha seirbhíse.

Luach saothair fhoireann CLÉ

Leis an tuairisciú airgeadais atá ann faoi láthair, éilítear go ndéanfaimid líon na mball foirne buan a thuilleann os cionn €60,000 in aghaidh na bliana a liostáil inár gcuntais. Tugaimid dár n-aire gach leibhéal tuarastail de ghrá na trédhearcahta.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas an miondealú tuarastail in 2022:

Tuarastal idir €60,000 — €70,000 in aghaidh na bliana: Aon duine amháin
Tuarastal idir €50,000 — €60,000 in aghaidh na bliana: Duine ar bith
Tuarastal idir €40,000 — €50,000 in aghaidh na bliana: Aon duine amháin*
Tuarastal idir €30,000 — €40,000 in aghaidh na bliana: Aon duine amháin
Tuarastal idir €20,000 — €30,000 in aghaidh na bliana: Duine ar bith
*ar bhonn tuarastail bhliantúil choibhéisigh <i>pro rata</i> d’fhostaithe faoi chonradh seirbhíse

Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar folláine fhostaithe na cuideachta a chosaint trí chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta forchuirtear ceanglais áirithe ar fhostóirí agus rinne an cuideachta an gníomh is gá a dhéanamh chun comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta agus Ráiteas Dínit agus Meas ag an Obair a ghlacadh.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Airgeadas

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas in 2022 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Gan an deontas a chuir an Roinn ar fáil, níorbh fhéidir leis an CLÉ a shainchúram a chur i gcrích. Tá an maoiniú bliantúil seo ina bhonn ríthábhachtach do chlár foilseacháin CLÉ. Cé gur tugadh an deontas bliantúil in 2022 ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimhe seo, tá sé tábhachtach an leibhéal maoinithe sin a choinneáil ar bun lena chur ar chumas CLÉ a fhorbairt a dhéanamh agus na costais mhéadaitheacha a íoc, lena n-áirítear éifeachtaí an bhoilscithe ar chostais fuinnimh, rud a theastaíonn chun a shainchúram a chur i gcrích.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Ba mhaith le CLÉ ómós a thabhairt anseo freisin do bhaill Aonad na bhForas Cultúrtha a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne in 2022, John Kennedy agus Colm Lundberg go háirithe. Ag deireadh mhí Aibreáin, cuireadh Gerri O'Sullivan in áit an Uasail Lundberg mar phointe teagmhála laethúil le cúnamh ó Aoife O'Sullivan agus ó Una Daly. Táimid ag tnúth le leanúint den obair leis an Roinn chun sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla ar stair agus cultúir na hÉireann chomh maith le seasamh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreachtachta cultúrtha agus pobal níos leithne na dtaighdeoirí daonnachtaí.

Rialachas

Leanann Stiúrthóirí/Comhaltaí CLÉ an treoir le haghaidh stiúrthóirí na cuideachta, rúnaithe na cuideachta agus comhaltaí a chuirtear ar fáil sna leabhair eolais a chuireann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach le chéile. Féachann Bord CLÉ le seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán a chinntiú agus leanann sé dea-chleachtas rialachais mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais, ar cód cleachtais deonach é do charthanais.

Bhí beirt ó CLÉ a chuaigh ar scor ag deireadh mhí Feabhra: D'éirigh Dr Michael Willis as a bheith ina Stiúrthóir ar PRONI agus d'éirigh an Dr Sandra Collins as a bheith mar Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ós rud é gur ceapacháin *ex officio* iad seo, líonfar na folúntais nuair a bheidh ceapacháin bhuana déanta chuig an dá phost stiúrthóireachta.

Cruinnithe

In 2022 araon, thionóil Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann seacht n-uaire, sé huair mar stiúrthóirí ar ghnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar chomhaltaí an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil (CGB). An Cruinniú Ginearálta Bliantúil an 28 Márta 2022, agus an gnáthchruinniú a tháinig ina dhiaidh sin, ba iad sin a chéad chruinnithe ar an láthair de chuid an Choimisiúin ó bhí mí Eanáir 2020 ann.

Iniúchadh Neamhspleách

Déantar iniúchadh neamhspleách ar CLÉ gach bliain. Ullmhaítear na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as creat tuairiscithe Carthanas SORP ar mhaithe le trédhearcacht iomlán. Glacadh ráitis airgeadais iniúchta ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh an 28 Márta 2022 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ina dhiaidh sin.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Ballraíocht

Dearbhuithe faoi chaighdeáin oifige poiblí

Cuireann gach comhalta CLÉ dearbhú faoi Chaighdeáin Oifige Poiblí isteach maidir le haon bhliain nó cuid de bhliain inar sheirbheáil siad ar bhord CLÉ. Coinnítear na ráitis seo in oifig CLÉ agus tá siad ar fáil lena n-íniúchadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifige Poiblí.

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostas taighde agus forbartha i rith na bliana.

Clár Comhardaithe Iar-lmeachtaí

Ní raibh aon imeacht suntasach ann a raibh tionchar acu ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl coinne ag na stiúrthóirí le haon athrú suntasach ar chineál an ghnó beartaithe.

Ranníocaíochtaí Polaitíochta

Níor thug an chuideachta aon tabhartas polaitiúil i rith na bliana.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a ghlacann na stiúrthóirí chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra cuntasaíochta inniúil a fhostú ag a bhfuil saineolas cuí, agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas maidir le faisnéis ábhartha iniúchóireachta

Tá an méid seo a leanas deimhnithe ag gach duine de na daoine ar stiúrthóirí iad an tráth a fhorhmeastar tuarascáil seo na Stiúrthóirí:

- a mhéid is eol don stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí ann nach eol d'iniúchóirí na Cuideachta í, agus
- rinne an stiúrthóir na bearta go léir ba chóir a bheith déanta aige mar stiúrthóir chun gurb eol dó aon fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí agus chun a shuíomh gurb eol d'iniúchóirí na Cuideachta an fhaisnéis sin.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

Iniúcháirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill Limited, Cuntasóirí Cairte, chuir siad in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint de bheith in oifig.

Thar ceann an Bhoird

John Mccafferty (Cathaoirleach)

Stiúrthóirí

Peter Crooks

Stiúrthóir

Date: 3 Márta 2023

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ
CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an ‘Cuideachta’) le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022, ina bhfuil an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha a leagtar amach i nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh Caighdeán dhlí na hÉireann agus an Tuairiscithe Airgeadais 102 ‘The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland’ arna eisiúint ag an Ríocht Aontaithe tríd an Financial Reporting Council.

Is é ár dtuairim gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na ráitis airgeadais:

- tá léargas fíor agus cothrom iontu a ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a barrachas le haghaidh na bliana dar críoch;
- rinneadh iad a ullmhú i gceart i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ‘The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland’; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús na tuairime

Is i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme a rinneamar ár n-iniúchadh. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa roinn inár dtuarascáil faoi fhreagrachtaí na nIniúcháirí i ndáil leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta i gcomhréir leis na riachtanais eiticíúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil d’Iniúcháirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na riachtanais seo.

Creidimid gur leordhóthanach í an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn agus go bhfuil sí oiriúnach chun bonn a chur faoinár dtuairim.

Conclúidí maidir leis an ngnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, chinneamar gurb iomchuí an úsáid a bhaineann stiúirthóirí as cuntasaíocht an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Ar bhonn na hoibre atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha ina n-aonar nó i dteannta a chéile, arb imeachtaí nó coinníollacha iad lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint den bheith ina gnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraitear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúirthóirí i ndáil le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Tá na stiúirthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Is éard atá san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúcháirí ina leith. Ní chlúdaítear

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ
CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN (AR LEAN)

inár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chonclúid dearbhaithe ina leith. Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, agus nuair a bhíonn sé sin á dhéanamh againn, a mheas cé acu

atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear san iniúchadh, nó cé acu is dealraitheach nó nach dealraitheach gur míráiteas ábhartha é ar shlí eile. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó ráitis ar dealraitheach gur míráitis ábhartha iad, ní mór dúinn a chinneadh cé acu an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre atá déanta againn, go dtuigimid go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile seo, ní mór dúinn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Tuairim ar nithe eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, ar bhonn na hoibre rinneadh le linn na hiniúcháireachta, go dtuairiscimid an méid seo a leanas:

- an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí le haghaidh na bliana airgeadais dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais, tá sí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir atá riachtanach, de réir mar is fearr is eol dúinn agus de réir mar a chreidimid, chun críocha ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe ar gá dúinn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gCuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíráiteas ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Le hAcht na gCuideachtaí 2014 éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, dar linne, nach gcomhlíonann an Chuideachta na ceanglais in ailt 305 go 312 den Acht ar le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a bhaineann siad. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí agus srianta faoi seach maidir le

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme, ráitis ina dtugtar léargas fíor agus cothrom, agus tá gá le rialú inmheánach den sórt a chinneann na stiúrthóirí chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó earráid é.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint de bheith ina gnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a haineann le gnóthas leantach den chuntasaíocht agus ag baint úsáide as cuntasaíocht an ghnóthais

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ
CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN (AR LEAN)

leantaigh mura bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht an Chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha eile réalaíoch acu ach sin a dhéanamh. chlúdaítear

Freagrachtaí na n-iniúcháirí maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíoch nó earráid é, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim le fáil inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é cinnteacht réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht as calaíoch nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é gur míráitis iad lena bhféadfadh sé go mbeadh coinne, le réasún, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochá úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Is cásanna de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán iad neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaíoch. Déanaimid nósanna imeachta a dhearadh de réir ár bhfreagrachtaí, a leagtar amach thuas, chun míráiteas ábhartha a bhrath i leith neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaíoch.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag: <https://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards>. Tá an cur síos seo mar chuid dár dTuarascáil Iniúcháirí.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé air a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlíthe

Is do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a chur in iúl do bhail na Cuideachta na nithe is gá dúinn a lua leo i dTuarascáil Iniúcháirí agus ní chun aon chríche eile. Go dtí an méid is mó a cheadaítear de réir dlí, ní ghlacaimid freagracht le duine ar bith seachas an Chuideachta agus bail na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.

Elizabeth Murphy

ar son agus thar ceann

Duignan Carthy O'Neill Limited

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Date: 3 March 2023

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Rátháíochta)

RÁITEAS GNÍOMHAÍOCHTA AIRGEADAIS (LENA N-ÁIRÍTEAR IONCAM agus CAITEACHAS)
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR DÁTA 31 Eanáir 2022

	2022			2021		
	Srianta Cistí	Neamh-shrianta Cistí	Iomlán Cistí	Srianta Cistí	Neamh-shrianta Cistí	Iomlán Cistí
	€	€	€	€	€	€
Ioncam ó:						
Deontais mhaoiniúcháin ioncaim	6 350,000	-	350,000	270,000	-	270,000
Gníomhaíochtaí eile	17,924	-	17,924	14,439	-	14,439
Gníomhaíochtaí Carthanúla	-	-	-	-	-	-
Cíos neamhairgeadúil	41,692	-	41,692	38,763	-	38,763
Ilghnéitheach	245	-	245	-	-	-
Ioncam Iomlán	409,861	-	409,861	323,202	-	323,202
Caiteachas ar:						
Costais Riaracháin	(75,465)	-	(75,465)	(62,138)	-	(62,138)
Costais Eagarthóireachta agus Foilsitheoireachta	(91,703)	-	(91,703)	(80,071)	-	(80,071)
Costais Oifige	(37,063)	-	(37,063)	(31,300)	-	(31,300)
Tionscadail Speisialta	(17,528)	-	(17,528)	(4,783)	-	(4,783)
Costais díolacháin	(54,978)	-	(54,978)	(36,943)	-	(36,943)
Muirear cíosa neamhairgeadúil	(41,692)	-	(41,692)	(38,763)	-	(38,763)
Caiteachas Iomlán	(318,429)	-	(318,429)	(253,998)	-	(253,998)
Ioncam oibriúcháin/(caiteachas)	91,432	-	91,432	69,204	-	69,204
Ús iníoctha	-	-	-	-	-	-
An t-ús tuillte	-	-	-	-	-	-
Glanioncam/(caiteachas)	91,432	-	91,432	69,204	-	69,204
Aistriú idir cistí	-	-	-	-	-	-
Gluaiseacht ghlan i gcistí	91,432	-	91,432	69,204	-	69,204
Cistí a réiteach:						
Cistí Iomlána tugtha ar aghaidh	141,240	-	141,240	72,036	-	72,036
Ranníocaíocht chaipitil	13 154,831	-	154,831	154,831	-	154,831
Iomlán na gcistí a tugadh ar aghaidh	387,504	-	387,504	296,072	-	296,072

Baineann gach gníomhaíocht le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais sin iad na nótaí ar leathanaigh 21-30.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

AN CLÁR COMHARDAITHE
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	7	6,928	8,215
Sócmhainní inláimhsithe	8	2,313	3,059
		<u>9,241</u>	<u>11,274</u>
Sócmhainní reatha			
Stoic	9	9,050	4,021
Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	10	15,601	12,738
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	373,663	288,464
		<u>398,314</u>	<u>305,223</u>
Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	12	(20,051)	(20,425)
		<u>378,263</u>	<u>284,798</u>
Glansócmhainní reatha		<u>378,263</u>	<u>284,798</u>
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		<u>387,504</u>	<u>296,072</u>
Glansócmhainní		<u>387,504</u>	<u>296,072</u>
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchistí eile		154,831	154,831
Cuntas brabúis agus caillteanais		232,673	141,241
Cistí scairshealbhóirí		<u>387,504</u>	<u>296,072</u>

Rinne an bord na ráitis airgeadais a fholmheas agus a údarú lena n-eisiúint:

John McCafferty (Cathaoirleach)
Stiúrthóirí

Peter Crooks
Stiúrthóirí

Date: 3 Márta 2023

Is cuid de na ráitis airgeadais sin iad na nótaí ar leathanaigh 21 go 30.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AR SHREAFÁI AIRGID
LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

	2022	2021
	€	€
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas le haghaidh na bliana airgeadais	91,432	69,205
Coigeartuithe do:		
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	1,287	1,287
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	1,490	2,717
Cailíteanas ar shócmhainní inláimhsithe a dhiúscairt	556	-
(Laghdú)/laghdú ar stoic	(5,029)	7,499
(Méadú) i bhféichiúnaithe	(2,863)	(5,028)
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	(374)	6,321
Airgead glan a ghintear ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	86,499	82,001
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe	(1,300)	(1,995)
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochtaí	(1,300)	(1,995)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid	85,199	80,006
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	288,464	208,458
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i ndeireadh na bliana	373,663	288,464
Comhréiteach airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim i ndeireadh na bliana		
Airgead sa bhanc agus ar láimh	373,663	288,464
	373,663	288,464

Is cuid de na ráitis airgeadais sin iad na nótaí ar leathanaigh 21 go 30.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

1. Faisnéis Ghinearálta

Na ráitis airgeadais sin ina bhfuil an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara ráitis, is iad sin ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, agus is i bPoblacht na hÉireann atá sé inchorpraithe. Rinneadh an chuideachta a ionchorprú in Éirinn an 24 Eanáir 2006. Is é 414351 uimhir chláráithe na cuideachta agus tá a hoifig chláráithe lonnaithe ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

2. Polasaithe cuntasaíochta

2.1 Bonn ullmhucháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus reacht na hÉireann ina gcuimsítear Acht na gCuideachtaí 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhme na cuideachta é.

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann bunaithe faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, is carthanas cláráithe é agus tá a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide dá bhforáiltear sna Carthanais SORP agus go háirithe tuairiscíonn sé a fheidhmíocht le haghaidh na bliana airgeadais i bhformáid Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais SORP (SOFA).

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm sa dlí an 1 Meitheamh 2015 agus ón dáta sin chuir sé i bhfeidhm formáid agus ábhar na ráiteas airgeadais atá oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar bhrabús a comhaltaí chuig cuideachta ar eagraíocht neamhbhrabúis í. D'fhonn faisnéis a sholáthar a bhaineann le maoirseacht na stiúrthóirí agus le feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais a thuiscint, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais i gcomhréir leis na formáidí dá bhforáiltear sna Carthanais SORP (FRS 102).

Measann na stiúrthóirí gurb é glacadh na gceanglas SORP an chuntasaíocht is oiriúnaí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a léiriú agus a nochtadh i gceart. Dá mba leagan amach Acht na gCuideachtaí agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais atá oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a cuid comhaltaí a chuirfí i láthair ina ionad sin, is a amhlaidh a dhéanfaí cuntas brabúis agus cailteanais le nótaí gaolmhara ina léirítear míreanna amhail Láimhdeachas agus Costas Díolachán a thuirisciú chomh maith le “brabús” ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

2.2 Ioncam

Is éard is ioncam ann lascaí trádála agus lacáistí imleabhar agus tagann sé as díolacháin leabhar a thagann faoi ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ar dhíolacháin leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí úinéireachta suntasacha sna hearraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig an gceannaitheoir.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

2.3 Pinsin

Plean pinsin ranníocaíochta sainithe

Oibríonn an Chuideachta plean ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is éard is plean ranníocaíochta sainithe ann plean pinsin faoina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh. Nuair a bheidh na ranníocaíochtaí íoctha, ní bheidh aon oibleagáid íocaíochta eile ar an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas brabúis nó cailteanais nuair a bhíonn siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean ar leithligh ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

2.4 Ainm na Cuideachta

Fuair an chuideachta cead faoi Alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a fhágáil ar lár as a hainm.

2.5 Sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a aithint ar dtús ag costas. Tar éis na sócmhainní doláimhsithe a aithint, faoin tsamhail chostais, déantar iad a thomhas ag costas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanas bearnúcháin carntha.

Meastar go bhfuil saolré úsáide chríochna ag gach sócmhainn dholáimhsithe. Mura féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh ar an saolré úsáide, ní bheidh an saolré úsáide níos faide ná deich mbliana.

Cuirtear amúchadh ar fáil ar na boinn seo a leanas:

Costais forbartha suímh gréasáin	-	10 %
----------------------------------	---	------

2.6 Sócmhainní seasta inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanas bearnúcháin carntha. Áirítear leis an gcostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an riocht is gá chun go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Gearrtar dímheas chun costas na sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharach thar a saolréanna measta úsáide, agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

Cuirtear dímheas a chur ar fáil ar na boinn seo a leanas:

Daingneáin agus feistis	-	20 %
-------------------------	---	------

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáide agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más iomchuí nó má léirítear athrú suntasach ón dáta tuairiscithe deiridh.

Cinntear gnóthachain agus cailteanais ar dhiúscairtí trí na fáiltais a chur i gcomparáid leis an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad mar bhrabús nó mar chaillteanas.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

2.7 Féichiúnaithe:

Déantar féichiúnaithe gearrthéarmacha a thomhas ag praghas an idirbhirt, lúide aon bhearnúchan. Déantar iasachtaí infhála a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan de chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach, lúide aon bhearnúchán.

2.8 Stoic

Déantar stoic leabhar a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Ós rud é gur sa chéad dá bhliain tar éis a ndáta foilsithe a bhíonn méideanna díolachán na leabhar a fhoilsítear ag a leibhéil is airde, tá stiúrthóirí den tuairim nach ceart ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh sa stoclúach. An chuid eile de na stoic leabhar, is amhlaidh a rinneadh soláthar ina leith mar stoic atá malltríallach nó mar stoic atá as feidhm.

2.9 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is éard atá i gceist le hairgead tirim airgead ar lámh agus taiscí le hinstiúidí airgeadais is inaisíochta gan phionós ar fhógra nach mó ná 24 uair an chloig. Is éard is coibhéisí airgid ann infheistíochtaí fíorleachtacha a aibíonn laistigh de thrí mhí ar a dhéanaí ó dháta na héadála agus atá in-chomhshóite go héasca chuig méideanna airgid aitheanta lena mbaineann riosca neamhshuntasach maidir le hathrú ar an luach.

Sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ó rótharraingtí bainc atá inaisíochta ar éileamh agus atá mar chuid lárnach de bhainistíocht airgid na Cuideachta.

2.10 Creidiúnaithe

Déantar creidiúnaithe gearrthéarmacha a thomhas ag praghas an idirbhirt. Déantar dlíteanais airgeadais eile a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan de chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach, lúide aon bhearnúchán.

2.11 Seirbhísí Cíos

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís bhronnta í seo a chuirtear ar fáil don chuideachta, measann na stiúrthóirí gur gá aitheantas a thabhairt don tseirbhís bhronnta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá muirear cíosa comhfhreagrach curtha san áireamh acu freisin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar an cíos ar luach margaidh an mhargaidh chíosa i mBaile Átha Cliath 2 i gcás réadmhaoine den mhéid céanna.

2.12 Cánachas

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanúil, uimhir charthanais 20063559 (uimhir CHY: 17206).

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE HAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

2. Beartais chuntasáíochta (ar lean)

2.13 Deontais Rialtais

Aithnítear deontais ag baint úsáide as an tsamhail feidhmíochta nuair atá cinnteacht réasúnta ann go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfar gach coinníoll a ghabhann leis. Déantar deontais caiteachas caipitiúil a eisiúint chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré úsáide ionchasach na sócmhainní. Déantar deontais caiteachais ioncaim a eisiúint chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

2.14 Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an Chuideachta ach idirbhearta ionstraime airgeadais bunúsacha a fhágann go n-aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais amhail trádáil agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó bhainc agus tríú páirtithe eile, iasachtaí do pháirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i gnáthscaireanna.

Ionstraimí fiachais (seachas fiacha is inaisíochta nó infhála go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile is infhála agus iníochta, déantar iad a thomhas ar dtús ag luach reatha na sreafaí airgid todhchaí agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach. Ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála go hiondúil, is ag méid neamhlascanta an airgid thirim nó na comaoine eile a mheastar a bheidh le híoc nó le fáil a dhéantar iad a thomhas, ar dtús agus ina dhiaidh sin. Mar sin féin, más idirbheart um maoiniú atá i socruithe ionstraime gearrthéarmacha, amhail íocaíocht fiachais trádála a iarchuirtear thar ghnáth-thearmaí gnó nó i gcás iasacht ghearrthéarmach thar barr amach nach bhfuil ag ráta an mhargaidh, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais a thomhas, ar dtús ag luach reatha sreafaí airgid todhchaí arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh d'ionstraim fiachais chomhchosúil agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin, mura gcáilíonn sé mar iasacht ó stiúthóir i gcás cuideachta bheag, nó iasacht lamháltais eintitis sochair phoiblí.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas agus costas amúchta a mheasúnú ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

I gcás sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta, déantar an cailteanas bearnúcháin a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach láithreach na sreafaí airgid measta arna lascainiú ag ráta úis iarbhír bunaidh na sócmhainne. Más ráta úis athraitheach atá ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaine chun aon chailteanas bearnúcháin a thomhas an ráta úis iarbhír reatha arna chinneadh faoin gconradh.

I gcás sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas lúide bearnúchán, déantar an cailteanas bearnúcháin a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid inghnóthaithe, arb éard atá ann comhfogasú ar an méid a gheobhadh an Chuideachta as an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar dháta an chláir chomhardaithe.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁITIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

3. Breithiúnais agus beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin

Measann na stiúrthóirí gurb iad na meastacháin agus na toimhdí cuntasaíochta thíos a meastacháin agus a mbreithiúnais chuntasaíochta:

Gnóthas Leantach:

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartú ar na suimeanna glanluacha ná ar aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoc:

Déantar stoic leabhar a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Ós rud é gur sa chéad dá bhliain tar éis a ndáta foilsithe is airde méideanna díolachán na leabhar a fhoilsítear, tá stiúrthóirí den tuairim nach ceart ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh sa stocluch. An chuid eile de na stoic leabhar, is amhlaidh a rinneadh soláthar ina leith mar stoic atá malltriallach nó mar stoic atá as feidhm.

Síntiúis Seirbhíse Cíosa:

An luach atá úsáid an fhoirgnimh a dheonú, déantar é a luacháil ag an luach margaidh a bhaineann le maoin chomhchosúil a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:

Is é an meastachán ar shaolré úsáide Sócmhainní Doláimhsithe seasta 10 mbliana.

4. Luach saothair na n-iniúcháirí

I rith na bliana, fuair an Chuideachta na seirbhísí seo a leanas ó iniúcháirí na Cuideachta:

	2022	2021
	€	€
Luach saothair na n-iniúcháirí	<u>4,105</u>	<u>3,875</u>

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

5. Fostaithe

Ba iad seo a leanas na costais foirne:

	2022	2021
	€	€
Pá agus tuarastail (lena n-áirítear conarthaí le haghaidh seirbhíse)	108,120	91,603
Costais árachais shóisialta	11,708	9,932
Costas na scéime ranníocaíochta sainithe	6,535	6,360
	126,363	107,895

Is é seo a leanas meánlín míosúil na bhfostaithe i rith na bliana:

	2022	2021
	Uimh.	Uimh.
Fostaithe	1	1

Tá ball foirne lánaimseartha buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus fostaítear beirt ann ar bhonn conartha seirbhíse le haghaidh cúnamh riaracháin.

6. Deontas na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Fuarthas ioncam iomlán na cuideachta le haghaidh na bliana óna príomhghníomhaíocht ar in Éirinn go hiomlán a rinneadh í.

Tá dliteanas teagmhasach ann deontais rialtais a fuarthas a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas chun na críche ar airleacadh é.

	2022	2021
	€	€
Deontas Bliantúil	270,000	270,000
Deontas forlíontach D/TCAGSM	65,000	
Ioncam Mná 100	15,000	
	350,000	270,000

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

7. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí ríomhaireachta
	€
Costas	
Amhail an 1 Eanáir 2022	12,874
Amhail an 31 Nollaig 2022	12,874
Amúchadh	
Amhail an 1 Eanáir 2022	4,659
Muirear le haghaidh na bliana ar shócmhainní faoi úinéireacht	1,287
Amhail an 31 Nollaig 2022	5,946
Glanluach leabhar	
Amhail an 31 Nollaig 2022	6,928
<i>Amhail an 31 Nollaig 2021</i>	8,215

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁITIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

8. Sócmhainní seasta inlámhsithe

	Daingneáin agus feistis €
Costas nó luacháil	
Ar an 1 Eanáir 2022	60,996
Breiseanna	1,300
Diúscairtí	(695)
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>61,601</u>
Dímheas	
Amhail an 1 Eanáir 2022	57,937
Muirear le haghaidh na bliana ar shócmhainní faoi úinéireacht	1,351
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>59,288</u>
Glanluach leabhar	
Amhail an 31 Nollaig 2022	2,313
<i>Amhail an 31 Nollaig 2021</i>	<u><u>3,059</u></u>

Ionchorpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus tugadh di troscán cumasach agus trealamh oifige eile ar luach measta de €48,710 ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Aithnítear na sócmhainní seo sna breiseanna thuas ag luach ainmniúil €1.

9. Stoic

	2022	2021
	€	€
Stoc leabhar	<u>9,050</u>	<u>4,021</u>

Rinneadh stoc leabhar a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

10. Féichiúnaithe:

	2022	2021
	€	€
Féichiúnaithe trádála	4,888	3,237
Féichiúnaithe eile	600	1,300
Réamhíocaíochtaí	10,113	8,201
	<u>15,601</u>	<u>12,738</u>

11. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2022	2021
	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	373,663	288,464
	<u>373,663</u>	<u>288,464</u>

12. Creidiúnaithe: Méideanna dlíthe laistigh de bhliain amháin

	2022	2021
	€	€
Cánachas agus árachas sóisialta	8,164	8,591
Creidiúnaithe eile	1,749	
Fabhruithe	10,138	11,834
	<u>20,051</u>	<u>20,425</u>

13. Ranníocaíocht chaipitil

Ionchorpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus tugadh di €130,731 airgid thirim agus €24,100 stoc leabhar ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tugadh di troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh san áireamh iad sna ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Tugann sé seo ranníocaíocht chaipitil iomlán €154,831.

14. Costais phinsin

Is ionann na costais phinsin a ghearrtar sna ráitis airgeadais agus an ranníocaíocht is iníoctha ag an gcuideachta le fostaí CCSP ar bhonn céatadán seasmhach den olltuilleamh. B'ionann costais phinsin agus €6,535 (2021: €6,360).

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA ÁTIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH
NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

15. Príomhchúiteamh pearsanra bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022.

16. Idirbhearta páirtí ghaolmhair

Aisíoctar stiúrthóirí as aon speansas taistil agus cothaithe a thabhaítear le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh. Le linn na bliana dar críoch 2022 ba iad na speansais iomlána a aisíocadh agus €1,535 (2021: €Nialais).

Tháinig an chuideachta ar chomhaontú hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos iníoctha as úsáid a bhaint as spás oifige. Faoi FRS 102, aithníodh luach margaidh €45,050, lúide costais €3,358 i ráitis airgeadais 2022 (2021: €38,763,) mar sheirbhís dheonaithe neamhmalartaithe.

17. Clár comhardaithe Iar-Imeachtaí

Ní raibh aon imeacht suntasach ann a raibh tionchar acu ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl coinne ag na stiúrthóirí le haon athrú suntasach ar chineál an ghnó beartaithe.

18. Páirtí rialaithe

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

19. Ráitis airgeadais a fhorhneas

D'fhorhneas an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo arna n-eisiúint an 3 Márta 2023